

Nuair a bhuail Jackie le cara nua Ceacht a hAon

Naise leis an gCuraclam:		
Gaeilge	Snáitheanna: Éisteacht, Labhairt, Scríbhneoireacht	Snáithaonaid: Ag cothú spéise, ag tuiscint teanga, ag cothú fonn na scríbhneoireachta
OSPS	Snáith: Mise agus Daoine Eile	Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile
Ceol	Snáith: Éisteacht agus freagairt	Snáithaonad: Ag éisteacht le ceol agus ag freagairt dó
Na hAmharcealaíona	Snáith: Líníocht	Snáithaonaid: Líníocht a dhéanamh, Breathnú agus freagairt

Gníomhaíocht a hAon – Tá gá agam le cara mar ... Gníomhaíocht a Dó – Anraith Caidrimh Gníomhaíocht a Trí – Oideas an ranga

Cuspóirí:

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí smaoineamh ar fáthanna go bhfuil gá againn le cairde, plé i mbeirteanna agus roinnt les an rang.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí plé a dhéanamh ar cad atá ag teastáil le haghaidh caidreamh maith.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí oideas ranga son chaidreamh a chumadh agus dearadh a dhéanamh.*

Gníomhaíocht a hAon - Tá gá agam le cara mar ...

- Iarr ar na páistí **smaoineamh** ar na fáthanna go bhfuil gá againn le cara agus iad seo a phlé i **mbeirteanna** agus ansin a **roinnt** leis an rang ar fad.
- Tabhair cuireadh do freagraí ón rang – urdóg suas má aontaíonn siad agus urdóg síos muna n-aontaíonn siad leis an tuairim. Pléigh na freagraí.

Gníomhaíocht a Dó - Anraith Caidrimh

- Más maith leat, bain leas as an bhfíseán 'Recipe for Friendship Soup' (as Béarla) ar http://www.teachertube.com/viewVideho.php?video_id=305061 nó <http://www.youtube.com/watch?v=H7w7yXkJTU0> ag stopadh anois is arís chun tuairimí agus tuiscint an ranga a phlé le chéile.
- Nó is féidir leat a mhíniú leo go mbeidh sibh ag smaoineamh ar chaidreamh cosúil le pota mór anraith – le rudaí maithe difriúla ann istigh. “*Cad iad na rudaí seo? Níl glasraí san anraith seo, ach cineáltas, cabhair, grá ...*”
- Iarr ar na páistí smaoineamh ar rudaí eile a bheadh go maith san anraith seo.

Gníomhaíocht a Trí - Oideas an ranga

- Iarr ar na páistí obair i mbeirteanna chun liosta a chumadh de na rudaí ar fad a rachaidh isteach san anraith. Déan liosta le chéile ar an gClár Bán Idirghníomhach.
- Ansin is féidir leis na páistí maisiú/dearadh dá gcuid féin a dhéanamh ar an 'Oideas' ranga seo do Anraith Caidrimh.

- Taispeáin an obair agus pléigh é.